Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Eanáir 2022
(OR. fr)

5509/22
PV CONS 1
AGRI 24
PECHE 13

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(Talmhaíocht agus iascaigh)

17 Eanáir 2022

## CLÁR

**Leathanach**


1. Glacadh an chláir oibre ........ 3

2. Formheas na míreanna 'A'
Liosta gníomhaíochtaí neamhreachtacha ........ 3

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Clár oibre na hUachtaránachta ........ 3

TALMHAÍOCHT

4. Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil ........ 3

5. Staid an mhargaidh ........ 3

**Aon ghnó eile**

6. Talmhaíocht ........ 4
   (a) Comhdháil ardleibhéil: *Le bien-être animal dans l'UE, aujourd'hui et demain* [Leas ainmhithe san Aontas sa lá atá inniu ann agus amach anseo] (an Bhruiséil, (formáid hibrideach), an 9 Nollaig 2021)
   (b) Reachtaíocht an Aontais maidir le madraí a choimeád agus a dhíol ar bhonn tráchtála
   (c) Teachtaireacht maidir le timthriallta inbhuanaithe carbóin
   (d) Éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag trádbhac na Bealarúise ar onnmhairiú roinnt táirgí agraibhia chuig an Aontas, úlla san áireamh
   (e) Staid chriticiúil leanúnach in earnáil na muc i bPoblacht na Seice – iarraidh ar bhearta eisceachtúla tacaíochta Aontais a thabhairt isteach


***

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 5157/22 seachas mír 6(b), mír a baineadh den chlár oibre.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta gníomhaíochtaí neamhreachtacha** 5182/22

Ghlac an Chomhairle na míreanna 'A' a liostaítear in 5182/22 lena n-áirítear na doiciméid COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna seo san aguisín.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**3. Clár oibre na hUachtaránachta**
*Cur i láthair ón Uachtaránacht*

Thíolaic an Uachtaránacht clár oibre Uachtaránacht na Fraince a mhéid a bhaineann leis na hearnálacha talmhaíochta agus iascaigh.

TALMHAÍOCHT

4. Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil 5152/22
*Eolas ón gCoimisiún*
*Malartú tuairimí*

5. Staid an mhargaidh 5153/22
*Eolas ón gCoimisiún*
*Malartú tuairimí*

**Aon ghnó eile**

Talmhaíocht

6. (a) **Comhdháil ardleibhéil: *Le bien-être animal dans l'UE, aujourd'hui et demain* [Leas ainmhithe san Aontas sa lá atá inniu ann agus amach anseo] (an Bhruiséil, (formáid hibrideach), an 9 Nollaig 2021)** ⧉ 5181/22
*Eolas ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil i ndáil leis an gcomhdháil ardleibhéil maidir le leas ainmhithe, mar a leagtar amach in 5181/22 é. Thug an Chomhairle dá haire freisin na tuairimí a chuir na toscaireachtaí in iúl i ndáil leis an athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe.

(b) **Reachtaíocht an Aontais maidir le madraí a choimeád agus a dhíol ar bhonn tráchtála** ⧉ 5203/22
*Eolas ó thoscaireacht na Danmhairge*

Baineadh mír 6(b) den chlár oibre.

(c) **Teachtaireacht maidir le timthriallta inbhuanaithe carbóin** ⧉ 15045/21
*Cur i láthair ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil i ndáil leis an Teachtaireacht maidir le Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe.

Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a rinne na toscaireachtaí maidir leis an ábhar sin, chomh maith leis na freagraí ón gCoimisiún ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas.

(d) Éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag trádbhac na Bealarúise ar onnmhairiú roinnt táirgí agraibhia chuig an Aontas, úlla san áireamh 5177/22
*Eolas ó thoscaireacht na Polainne*

(e) Staid chriticiúil leanúnach in earnáil na muc i bPoblacht na Seice – iarraidh ar bhearta eisceachtúla tacaíochta Aontais a thabhairt isteach 5176/22
*Eolas ó thoscaireacht na Seicia*

---

⧉ Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)